Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6337/22**

**FRONT 68**
**VISA 31**
**IXIM 34**
**DATAPROTECT 40**
**DELACT 28**
**COMIX 79**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 844 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 16.2.2022 lena sonraítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna a bheidh le húsáid chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 844 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 844 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.2.2022
C(2022) 844 final

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.2.2022**

**lena sonraítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna a bheidh le húsáid chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I mí Mheán Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa Rialachán (AE) 2018/1240 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta) lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)[1].

Faoi Airteagal 27(3) den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos ábhar agus formáid liosta de na roghanna a bheidh ar Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as iarratas ar údarú taistil a úsáid chun faisnéis bhreise agus doiciméadacht bhreise a iarraidh ar iarratasóirí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bunaíodh grúpa saineolaithe chun an gníomh tarmligthe thuasluaite a fhorbairt. Tugadh deis do gach Ballstát saineolaithe a ainmniú le haghaidh an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 89(4) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtaíocht Níos Fearr. Dá thoradh sin, forbraíodh an Cinneadh seo ón gCoimisiún bunaithe ar ionchur a thug saineolaithe ó na Ballstáit mar chuid den Ghrúpa Saineolaithe a luaitear thuas. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa sin den chéad uair an 11 Iúil 2019. Chomh maith leis sin, tugadh deis do na saineolaithe barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil don Choimisiún. Cuireadh leagan críochnaitheach den Chinneadh seo, bunaithe ar an aiseolas a fuarthas roinnt uaireanta, faoi bhráid na mBallstát an 27 Samhain 2020 agus an 7 Nollaig 2020, agus mheas na saineolaithe agus an Coimisiún gur dhoiciméad críochnaitheach é an dréacht.

Sa bhreis air sin, chuathas i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, gníomhaireacht a mbunófar Láraonad ETIAS laistigh di.

Thairis sin, fuair an Coimisiún comhairle ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais maidir le riachtanais theicniúla agus indéantacht an bhirt atá beartaithe.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sular glacadh é chun a áirithiú go n-urramaítear na forálacha maidir le cosaint sonraí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Faoi Airteagal 27 den Rialachán, nuair a dhéanfaidh Aonaid Náisiúnta ETIAS iarratais ar údarú taistil a phróiseáil de láimh, féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach a iarraidh ar iarratasóirí faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a chur isteach i gcás ina measfar nach leor an fhaisnéis a chuir siad ar fáil san fhoirm iarratais chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú taistil.

I gcomhréir le hAirteagal 27(3) den Rialachán, agus faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise á hiarraidh aige, ba cheart d'Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach liosta réamhshocraithe de roghanna a úsáid. Chuige sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe chun ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe sin de roghanna a leagan síos.

[1] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

Comhlíonann an dréacht-Chinneadh prionsabal na comhréireachta. Chun faisnéis bhreise agus doiciméadacht bhreise a iarraidh, ní bheidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach in ann ach an fhaisnéis bhreise nó an doiciméadacht bhreise is gá de réir an liosta roghanna a bhunaítear sa dréacht-Chinneadh seo a iarraidh, agus an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin amháin, agus ní bheidh sé in ann iad a iarraidh ach amháin má tá amhras ann faoin bhfaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais. Ina theannta sin, bunaítear leis an dréacht-Chinneadh seo go bhféadfar aon fhaisnéis nó doiciméadacht a mheasann na hiarratasóirí féin a bheith riachtanach i ndáil lena n-iarratas a chur isteach tar éis iarraidh ar fhaisnéis bhreise nó ar dhoiciméadacht bhreise ó Aonad Náisiúnta ETIAS. Ina theannta sin, bunaítear leis an dréacht-Chinneadh rialacha leordhóthanacha chun sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a chosaint agus chun rochtain na n-údarás údaraithe ar shonraí a choimirciú.

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.2.2022**

**lena sonraítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna a bheidh le húsáid chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226[2], agus go háirithe Airteagal 27(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1240, bunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (‘ETIAS’) le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas maidir le víosa a fháil chun dul isteach agus fanacht ar chríoch na mBallstát.

(2) Ionas gur féidir le hAonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach cinneadh a dhéanamh faoi iarratais a spreagann amais, nó ionas gur féidir le hAonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an náisiúnach tríú tír taisteal chuige cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar bhailíocht chríochach theoranta, ba cheart an fhaisnéis a sholáthraítear i bhfoirmeacha iarratais a bheith iomlán agus cruinn. Má mheastar nach leor an fhaisnéis chun cur ar chumas Aonad Náisiúnta ETIAS cinneadh a dhéanamh, ba cheart dó a bheith in ann faisnéis nó doiciméadacht riachtanach bhreise a iarraidh ar iarratasóirí trí liosta roghanna a úsáid.

(3) Is gá an liosta réamhshocraithe de roghanna atá ar fáil d’Aonaid Náisiúnta ETIAS a leagan síos agus faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise á hiarraidh ó iarratasóirí i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2018/1240. Ba cheart an liosta sin a bheith ina liosta cineálach, agus an fhaisnéis agus an doiciméadacht is féidir a iarraidh á liostú, agus ba cheart freisin ligean d’iarratasóirí faisnéis nó doiciméadacht a mheasann siad féin a bheith riachtanach a chur isteach.

(4) Ba cheart léirithe soiléire a bheith ag iarratasóirí ar an bhfaisnéis nó ar doiciméadacht a n-iarrtar orthu a chur ar fáil. Dá bhrí sin, le cur chun feidhme teicniúil an liosta réamhshocraithe de roghanna, ba cheart go gceadófaí d’Aonaid Náisiúnta ETIAS cur síos ar an rogha nó ar na roghanna atá roghnaithe a áireamh. Le cur chun feidhme teicniúil an liosta réamhshocraithe de roghanna, ba cheart a chur in iúl freisin do na hiarratasóirí, trí réamhshocrú, an fhéidearthacht a bheidh acu aon fhaisnéis nó doiciméadacht a mheasann siad is gá i ndáil lena n-iarratas a chur isteach.

(5) An fhaisnéis nó an doiciméadacht a chuir na hiarratasóirí isteach laistigh de na spriocdhátaí dlíthiúla, ba cheart go gcuirfeadh sí ar chumas Aonad Náisiúnta ETIAS

[2] IO L 236, 19.9.2018, lch. 1.

an Bhallstáit atá freagrach cinneadh a dhéanamh maidir leis na hiarratais. Níor cheart, áfach, go ndiúltófaí na hiarratais taistil go huathoibríoch mura gcuirfí faisnéis bhreise ná doiciméadacht bhreise ar fáil.

(6) Is gá freisin rialacha leordhóthanacha a bhunú chun sonraí pearsanta iarratasóirí a chosaint agus chun rochtain na n-údarás údaraithe ar na sonraí sin a choimirciú, de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(7) Ní dochar an Cinneadh seo do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE[4].

(8) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le acquis Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1240 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.

(9) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu[5]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis*[6] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[7].

(11) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[8] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[9].

---

3 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

4 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

5 Ní thagann an Cinneadh seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

6 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

7 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

8 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

9 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

(12) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*[10] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[11].

(13) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus thug sé tuairim uaidh an 21 Meitheamh 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leis an gCinneadh seo bunaítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna atá le húsáid ag Aonaid Náisiúnta ETIAS agus faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise á hiarraidh de bhun Airteagal 27(3) nó Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

*Airteagal 2*
*Ábhar an liosta réamhshocraithe de roghanna maidir le faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh*

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn ábhar an liosta réamhshocraithe de roghanna atá le húsáid ag Aonaid Náisiúnta ETIAS chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh.

2. Cuirfidh eu-LISA san áireamh, mar chuid d'fhorbairt theicniúil chóras faisnéise ETIAS, an fhéidearthacht go mbeidh Aonaid Náisiúnta ETIAS in ann cur síos a chur leis an rogha nó na roghanna arna roghnú de bhun mhír 1.

3. Le hábhar an liosta réamhshocraithe de roghanna maidir le faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh, cuirfear in iúl d'iarratasóirí an fhéidearthacht aon fhaisnéis nó doiciméadacht a mheasann siad a bheith riachtanach i ndáil lena n-iarratas a chur isteach tar éis iarraidh ar fhaisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise.

---

10 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

11 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

12 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 3*
*Formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna maidir le faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh*

Maidir le formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna atá le húsáid ag Aonaid Náisiúnta ETIAS chun faisnéis bhreise nó doiciméadeacht bhreise a iarraidh, is é a bheidh i gceist leis an bhformáid sin liosta lena bhféadfar iontráil amháin nó níos mó a roghnú.

*Airteagal 4*
*Sonraí a bheidh le cur ar fáil d'iarratasóirí mar aon leis an iarraidh ar fhaisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a bhaineann le rófhanacht a tuairiscíodh sa Chóras Dul Isteach/Imeachta*

1. I gcás ina n-iarrfaidh Aonaid Náisiúnta ETIAS faisnéis bhreise ar iarratasóirí chun a rófhanacht i gcríoch Bhallstáit nó Bhallstát roimhe sin a mhíniú, cuirfidh siad na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16(3), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] ar fáil d'iarratasóirí tríd an tseirbhís cuntais shláin arna bunú le hAirteagal 6(2), pointe (g) de Rialachán (AE) 2018/1240.
2. Chun críocha mhír 1, beidh rochtain dhíreach ag baill foirne chuí-údaraithe Aonaid Náisiúnta ETIAS ar na sonraí dá dtagraítear sa mhír sin agus féadfaidh siad iad a cheadú i bhformáid inléite amháin sa Chóras Dul Isteach/Imeachta. Ní dhéanfar na sonraí a ceadaíodh a thaifeadadh sa chomhad iarratais.
3. Ní bheidh na sonraí ón gCóras Dul Isteach/Imeachta ar fáil ach amháin le linn na tréimhse inar féidir le hiarratasóirí faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a chur isteach de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.
4. Tar éis d'Aonad Náisiúnta ETIAS an cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas, scriosfar na sonraí ón gCóras Dul Isteach/Imeachta ón tseirbhís cuntais shláin.

*Airteagal 5*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.2.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[13] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).